# Glór Uí Néill

**Eagrán10: Téarma 1 – 2020**

## Siúlóid Teaghlaigh Nollag




Tháinig pobal iomlán na scoile le chéile don chéad Siúlóid Teaghlaigh Nollag. Le breis agus 130 daltaí ag fáil ticéad don amparán, le cuid mhór baill eile clainne i gcomhair le hiar-dhaltaí ag obair mar mhaoir, bhí an scoil féin dubh le daoine go díreach roimh an Nollaig. Bhuail Daidí na Nollag féin isteach le fáil amach cad é a bhí ag dul ar aghaidh. Thiomsaigh muid £4100 ar an lá, mile buíochas do chách.

*The whole school community came together for Christmas for our inaugural Santa Dash Family walk. With over 130 pupils receiving raffle tickets for the sweetie hamper, and many immediate and extended family members, as well as lots of past pupils acting as stewards, Saturday morning saw the school as a real hive of activity just before Christmas. Santa himself popped in to see what was going on and he dished out all the prizes and a few sweets for the good children. Many thanks to all those who organized and supported the event, raising £4100 on the day. Go raibh maith agaibh. See middle pages for gallery.*



## Slán agus Go Raibh Maith Agat a Jim

Ba mhaith linn comhbhrón ó chroí a ghabháil le clann Uí Dhónaill ar imeacht Jim ar shlí na fírinne go díreach roimh an Nollaig.

Dóibh siúd nach raibh aithne agaibh air, bhunaigh Jim an scoil 25 bliain ó shin. Is mar gheall ar a fhís, a fhuinneamh agus a fhlaithiúlacht ama a bhí Jim ábalta dúshraith chomh daingean sin a thabhairt don scoil, rud a lig dúinn fás ina scoil bheo bhríomhar atá inti anois. D'oscail sé an scoil i 1995, le 4 daltaí, agus lean sé lena thacaíocht agus comhairle ar Bhord na nGobharnóirí go dtí ar na mallaibh. Ón dearcán beag a fhásann an dáir mhór óir chuaigh beagnach 300 daltaí trí gheataí na scoile thar na blianta. Le 175 daltaí cláraithe faoi láthair, na céadta eile ag freastal ar Scoil Iósaef, Gaelscoil Aodha Rua agus Gaelscoil Eoghain, gach ceann acu siúd spreagtha ag Gaelscoil Uí Néill féin, is í an Ghaeilge ar theanga ar an iliomad páiste i lár-Uladh an oidhreacht a fhágfaidh Jim ina dhiaidh.

Slán agus go raibh maith agat Jim: athair na scoile, laoch agus Gael.




*We would like to pass on our deepest sympathies to the O'Donnell family on the passing of Jim, just before Christmas.*

*For those of you who didn't know him, Jim was the founder of Gaelscoil Uí Néill, 25 years ago this year. It was Jim's vision, energy and dedication that gave the school its solid foundation that has allowed us to grow and become what we are today. He opened the first Irish-medium school in Tyrone in 1995, with only four pupils, and he continued to support and advise on the Board of Governors until recently. From acorns do mighty oaks grow, with almost 300 pupils having passed through the gates of Gaelscoil Uí Néill over the years. With 175 pupils currently enrolled in the school, hundreds more attending Scoil Iósaef, Gaelscoil Aodha Rua and Gaelscoil Eoghain, each of these schools in turn inspired by the success of Gaelscoil Uí Néill, Jim's legacy will be the gift of the Irish language given to the many, many children who have passed, and who will pass through the Irish-medium sector in mid-Ulster in years to come.*

*Slán agus go raibh maith agat Jim: athair na scoile, laoch agus Gael. Go dtuga Dia foscadh na bhFlaitheas dá anam uasal!*

## The Breaksit Debate



Tháinig na páistí ar ais ar scoil i Meán Fómhair agus thosaigh na gearáin go luath, ní faoin obair bhaile ach faoi cé chomh lán a bhí clóis na scoile. Ag tús an téarma, d'athraigh muid ar ais go sos maidine amháin le chéile ach tharla gur mhothaigh na páistí go raibh barraíocht ann. Ghlac Comhairle na Scoile seilbh ar an cheist agus d'eagraigh siad reifreann, Reifreann Sos-imeachta. Pléadh an cheist, cuireadh na vótaí agus bhí an toradh soiléir: 103 vóta do shos scartha agus 47 do shos roinnte. Chuaigh muid ar ais go sos scartha agus chuaigh na páistí ar ais ag gearán faoi obair bhaile.



The children returned to school in September and quickly started complaining, not about homework, but about the crowded yard. We had reverted to one, shared break but there proved to be too many children in the yard. The School Council took matters into their hands and organized a referendum, a Breaksit Referendum. Question Time was held, the votes were cast and there was a decisive outcome: 103 votes for a split break and 47 for a shared break. We reverted to a split break and the children reverted to complaining about homework!





## Oíche...









*Halloween is always a highlight of the school year as the children (and parents) pull out all the stops on the costumes. With Spooky Musical Statues, Spooky Musical chairs and a Spooky Fancy Dress Competition, so much fun is packed into the three hours of school on the last day before spooky mid-term break!*







## ...Shamhna



Bíonn an-dúil ag na páistí in Oíche Shamhna sa scoil mar go ndéanann siad (agus a thuismitheoirí) sár-iarracht leis na bréag-éidí. Le cluichí mar Dhealbha Scafara Ceolmhara, Cathaoireacha Scafara Ceolmhara agus an Comórtas Gléasta, is iomaí spórt agus spraoi a bhíonn ag na páistí ar an leath lae roimh an Sos Scafar Leath-théarma.










## A Day in the Life of Rang 1









Bíonn Rang 1 i gcónaí gnóthach. Bíonn rachairt ar na brící móra, mar aon leis an choirnéal topaice, na bréagáin tógála, clár bán idir-ghníomhach, gaineamh, uisce, ealaín srl… ní bhíonn deireadh leis an spraoi.

*Rang 1 is a busy place on any given day in school. The brící móra (large bricks) are ever-popular, as is the topic Corner, the construction toys, interactive white board, sand, water, paint, games, toys.....the fun doesn't end!*

## The Gaelscoil's Garden in the Shade





Míle buíochas d'Errol agus Caolán as na boscaí gairdín ar chúl na hoifige a shocrú, ansin bhí sé suas do Rang 2 an dara cuid a chur i gcrích, an chuid spraoiúil; ag baint na bhfiailí agus ag cur síolta. Cuireadh na cótaí, hataí agus miotóga gairdín orthu, chuaigh siad tríd an chréafóg, ag baint na bhfiailí amach agus ag spréail na mbléibíní a cuireadh anuraidh – táimid uilig ag dúil le dathanna an earraigh.

*Thanks to Errol and Caolán for getting the garden boxes behind the school offices ready, then over to Rang 2 for the fun part; weeding and planting. Coats, hats and garden gloves on, they sifted through their garden box, taking out the weeds and spreading out the bulbs that were planted last year. Here's looking forward to spring and the beautiful burst of colour from Rang 2's flowers.*












## Gailéaraí / Gallery







## The Long and Winding Road

















## Day Trippers





Ní obair, obair, obair a bhíonn ann i R7 i gcónaí, ach in amanna bíonn spraoi, spraoi, spraoi ann fosta. I ndiaidh Teist oIntrála na Scoileanna Gramadaí, lig na páistí a ngruaig síos ar an Chósta Thuaidh le bollaí agus cluichí san Ionad Jet, lón agus uachtar reoite in Morellí's, siúlóid ar an Phrom agus giota beag súgartha sa Pháirc Éagsúlachta. Ag obair go crua agus ag súgradh go crua!

*P7 is not all work, work, work, sometimes it's fun, fun, fun. After the Grammar School Entrance Test, the children let their hair down on a trip to the North Coast, with bowling and games in the Jet Centre, lunch and ice-cream in Morelli's, a walk along the Prom and a bit of a play in the Diversity Park. Working hard, then hardly working!*



## Paperback Writers

*Irish children's author Máire Zepf visited Rang 6 this term and asked for their input into her new book, Lí Bán, based on the mythology around Loch Neagh; a girl who lived on land during the day and became a mermaid at night. The children explored this theme in their own writing with Máire herself in class, and followed this up with a visit to the Séamus Heaney Homeplace to present their work: between their fingers and their thumbs, their squat pens rest...*





Bhuail scríbhneoir páistí Máire Zepf isteach sa scoil le scríbhneoireacht a dhéanamh le Rang 6 ar Lí Bán, carachtar dá leabhar nua, a rinne cónaí ag Loch nEathach, a bhíonn mar ghnáth-chailín sa lá ach a athraíonn ina maighdeán mara san oíche.



# Lon Dubh ag Canadh i nGaelscoil Uí Néill



*Working on the theme of Birds and Flight this term, Rang 4/5 carried out a survey in November on the birds that visit the school ground during the day. Not being allowed to count Marie's hens, of course, the most common bird in the school yard during the day was the blackbird. Hopefully they will follow this up with the NSPCB garden survey in Term 2.*





Rinne Rang 4/5 suirbhé ar na héin a thagann chuig clós na scoile le linn an lae. Ní raibh cead acu cearca Marie a chuntas, is é an lon dubh an t-éan is coitianta a thagann chuig clós na scoile. Coinneoidh cuid acu súil amach d'éin ina ngairdíní do shuirbhé mór an NSPCB.

## A Moment of Zen in Rang 3/4

Cé chomh holc atá an aimsir i gCluain Eo. Ba mhaith le Rang 3/4 fáil amach trí thurgnamh a dhéanamh ar an aimsir i mí na Samhna. D'fhiosraigh siad árthaigh áirithe agus roghnaigh siad an ceann is fearr. D'fhan siad seacht lá agus is é a chonaic siad nuair a chuaigh siad amach ná gur leag an ghaoth an t-árthach!

*How bad is the weather in Clonoe? Rang 3/4 decided to find out by carrying out an experiment collecting the rainfall over a week in November. They investigated various measuring cylinders and finally selected the most appropriate. The waited for a week and went out to collect their container only to find that the wind had blown it over! Their conclusion: the weather is not nice in Clonoe in November!*











# The Return of the Hive Hackers





*Following on from their work on Level 1 with Conor and Narrel from Price, Waterhouse, Cooper, Rang 6 took part in a pilot for Level 2, building on their knowledge from last year and helping the PWC team develop the course to roll out in other schools. They worked on such aspects of computing as: coding, algorithms, debugging, loops, binary, events (your guess is as good as mine) and they presented their work to a range of other schools in the Hilton Hotel in Belfast. They followed this with a trip to McDonald's on the way back and, yes, some of the children can still eat 20 chicken nuggets!*



# Let Us Go, Let Us Go, Can't Stay in School Anymore





Bhí na páistí ábalta feiceáil tríd na léideanna agus d'oibrigh gach duine amach cá raibh muid ag dul ar an turas rúnda ag deireadh na bliana; chuig Sólann Dhún Geanainn le hamharc ar Reoite 2. Fuair an scannán ordóga suas ón chuid is mó de na páistí, le cuid mhór acu a rá go raibh sé níos fearr ná an chéad cheann. Ar ndóigh, beidh orthu amharc air 199 uair eile le bheith cinnte!

*Despite a series of cryptic clues, each more fiendish than the last, most of the children were able to work out the destination of the secret trip on the last full day before Christmas; Dungannon Cinema to watch Frozen 2. The movie got the thumbs up from the children, many of whom said that it was better than the first one, but if the original is anything to go by, they will have to watch it another 199 times to be sure!*



## Cúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúl, Cúl, Cúl, Cúúúúúúúúúúúúúúúúúúúúl!








Is breá leis na páistí an Spórtaton sa chéad téarma agus is fearr leo an comórtas ciceanna éirice ag an deireadh. Ní comhtharlú ar bith é, ach ba í ár gcailín beag ón Bhrasaíl ceann de na ciceoirí is fearr, ag sárú cuid mhaith de na páistí eile, idir ghasúir agus chailíní. Tugadh boinn amach do na páistí is cothroime agus duais do na tiomsaitheoirí is fearr. Maith sibh!

*Sportathon is another first-term tradition in the Gaelscoil, like an early sports day in the first term. A highlight of Sportathon is the penalty kick competition. It cannot be a coincidence, but one of our top penalty takers was our girl from Brazil, Kyarah, out-scoring most of the older children, both girls and boys. Medals were awarded for sportsmanship (sportswomanship) as well as prizes for our top fundraisers. Maith sibh!*

